



An Bhruiséil, 9 Meitheamh 2021
(OR. en)

9504/21

Comhad Idirinstitiúideach:
2018/0258(COD)

CODEC 834
UD 155
ENFOCUSTOM 85
MI 437
COMER 57
TRANS 372
ECOFIN 575
PE 61

NÓTA FAISNÉISE

ó:	Ardrúnaíocht na Comhairle
chuig:	Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle
Ábhar:	GLACADH NA nGNÍOMHARTHA REACHTACHA TAR ÉIS AN DARA LÉAMH I bPARLAIMINT NA hEORPA Togra le haghaidh RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena mbunaítear, mar chuid den Chiste um Bainistiú Comhtháite Teorainneacha, an ionstraim le haghaidh tacaíocht airgeadais do threalamh rialaithe custaim - An toradh ar an dara léamh i bParlaimint na hEorpa (Strasbourg, an 7 go dtí an 10 Meitheamh 2021)

I. VÓTÁIL

An 8 Meitheamh 2021, dhearbhaigh Uachtarán Pharlaimint na hEorpa go raibh an seasamh ón gComhairle¹ ar an gcéad léamh formheasta gan aon leasú.

Tá téacs an rúin reachtaigh ó Pharlaimint na hEorpa i gceangal leis an nóta seo.

¹ 7234/1/21 REV 1.

II. GLACADH NA nGNÍOMHARTHA REACHTACHA TAR ÉIS AN DARA LÉAMH I bPARLAIMINT NA hEORPA

Ós rud é gur fhormheas Parlaimint na hEorpa an seasamh ón gComhairle ar an gcéad léamh gan aon leasú, measfar gur glacadh an gníomh atá i gceist san fhoclaíocht a fhreagraíonn don seasamh ón gComhairle ar an gcéad léamh, mar a fhoráiltear don mhéid sin in Airteagal 294(7)(a) CFAE.

Nuair a bheidh sé sínithe ag Uachtarán Pharlaimint na hEorpa, Uachtarán na Comhairle agus Ard-Rúnaithe an dá institiúid, foilseofar an gníomh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

P9_TA(2021)0271

An ionstraim a bhunú le haghaidh tacaíocht airgeadais do threalamh rialaithe custaim *II**

Rún reachtach ó Pharlaimint na hEorpa an 8 Meitheamh 2021 maidir leis an seasamh ón gComhairle ar an gcéad léamh chun go nglacfaí rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear, mar chuid den Chiste um Bainistiú Comhtháite Teorainneacha, an ionstraim le haghaidh tacaíocht airgeadais do threalamh rialaithe custaim (07234/1/2021 – C9-0196/2021 – 2018/0258(COD))

(An gnáthnós imeachta reachtach: an dara léamh)

Tá Parlaimint na hEorpa,

- ag féachaint don seasamh ón gComhairle ar an gcéad léamh (07234/1/2021 – C9-0196/2021),
 - ag féachaint do thuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa an 17 Deireadh Fómhair 2018²,
 - ag féachaint dá seasamh ar an gcéad léamh³ ar an togra ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle (COM(2018)0474),
 - ag féachaint d’Airteagal 294(7) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,
 - ag féachaint don chomhaontú sealadach a d’fhormheas an coiste freagrach faoi Riail 74(4) dá Rialacha Nós Imeachta,
 - ag féachaint do Riail 67 dá Rialacha Nós Imeachta,
 - ag féachaint don mholadh don dara léamh ón gCoiste um an Margadh Inmheánach agus um Chosaint an Tomhaltóra (A9-0196/2021),
1. ag formheas an tseasaimh ón gComhairle ar an gcéad léamh;
 2. ag tabhairt dá haire go nglactar an gníomh i gcomhréir leis an seasamh ón gComhairle;
 3. á threorú dá hUachtarán an gníomh a shíniú le hUachtarán na Comhairle, i gcomhréir le hAirteagal 297(1) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh;
 4. á threorú dá hArd-Rúnaí an gníomh a shíniú, a luaith a bheidh sé fíoraithe go bhfuil na nósanna imeachta go léir curtha i gcrích go cuí, agus, i gcomhaontú le hArd-Rúnaí na Comhairle, socrú a dhéanamh maidir lena fhoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*;

² IO C 62, 15.2.2019, lch. 67.

³ IO C 158, 30.4.2021, lch. 133.

5. á threorú dá hUachtarán a seasamh a chur ar aghaidh chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún agus chuig na parlaimintí